C/2025/4345

31.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11967 — CRÉDIT MUTUEL GROUP / OLDENBURGISCHE LANDESBANK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4345)

1. An 16 Iúil 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Targo Deutschland GmbH ('TargoBank', an Ghearmáin), fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid Banque Fédérative Crédit Mutuel (France), atá é féin ina chomhalta de Crédit Mutuel Group ('Crédit Mutuel', an Fhrainc),

— Oldenburgische Landesbank AG ('OLB', an Ghearmáin).

Gheobhaidh TargoBank rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar OLB ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Targobank seirbhísí baincéireachta do chliaint mhiondíola agus chorparáideacha agus seirbhísí dáilte árachais sa Ghearmáin. Is grúpa baincéireachta é Crédit Mutuel a bhfuil a cheanncheathrú sa Fhrainc agus atá gníomhach i réimse seirbhísí baincéireachta, árachais agus bainistithe sócmhainní,

— Soláthraíonn OLB seirbhísí baincéireachta do chliaint mhiondíola agus chorparáideacha agus seirbhísí árachais sa Ghearmáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11967 — CRÉDIT MUTUEL GROUP / OLDENBURGISCHE LANDESBANK

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË